Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*
2017–2022

# CLÁR ÉIRE ILDÁNACH FHINE GALL 2021

Cúis áthais do Chomhairle Contae Fhine Gall a fhógairt go bhfuiltear anois ag glacadh le hiarratais mar chuid de Chlár Éire Ildánach Fhine Gall 2021.

Tacóidh an ciste seo le daoine aonair agus/nó grúpaí áitiúla, atá ag feidhmiú ar bhonn seachbhrabúsach, le tionscadail a dhéileálann ar bhealach cruthaitheach leis na téamaí seo a leanas - Folláine Pobail agus Cultúr, Oidhreacht, Ceol, STEAM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, na healaíona agus matamaitic) agus an Ghaeilge.

Mar gheall ar Covid agus na srianta atá i bhfeidhm sa timpeallacht fhisiciúil faoi láthair, moltar d'iarratasóirí tograí a bhreithniú agus a athshamhlú trí ardáin fhíorúla agus ar líne. Ba cheart Plean comhlíonta Covid, a chloíonn le treoirlínte reatha an Rialtais, a sholáthar má bhaineann le hábhar.

Is é an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais **4pm ar an Aoine, an 5 Márta 2021**.

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait seol ríomhphost chuig creativefingal@fingal.ie nó féach ar www.fingal.ie/council/service/creative-ireland